II

*(Ionstraimí nach bhfuil a bhfoilsiú éigeantach)*

# COMHAIRLE

## CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**an 27 Meitheamh 2006**

**maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir leis an nós imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus an Íoslainn agus an Iorua**

(2006/697/CE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 24 agus 38 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá sé de rún daingean ag an Aontas Eorpach feabhas a chur ar an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus an Íoslainn agus an Iorua, gan dochar do na rialacha lena gcosnaítear saoirse an duine.

(2) Tar éis Chinneadh ón gComhairle an 10 Iúil 2001 ag údarú d'Uachtaránacht na Comhairle Comhaontuithe a chaibidil leis an Iorua agus leis an Íoslainn maidir leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla ar bhonn Airteagail 24 agus 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a leasaíodh le Cinneadh ón gComhairle an 19 Nollaig 2002, rinne an Uachtaránacht, a raibh cúnamh aici ón gCoimisiún, comhaontú a chaibidil maidir leis an nós imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus an Íoslainn agus an Iorua,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

Leis seo déantar síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir leis an nós imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus an Íoslainn agus an Iorua a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir a thabhairt i gcrích.

Tá téacs an Chomhaontaithe agus téacs na ndearbhuithe a dhéanfar ar shíniú an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Údaraítear leis seo d'Uachtarán na Comhairle an duine nó na daoine a ainmniú atá cumhachtaithe chun an Comhaontú a shíniú faoi réir a thabhairt i gcrích.

*Airteagal 3*

Foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an Cinneadh agus an Comhaontú atá i gceangal leis.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 27 Meitheamh 2006.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. PRÖLL